AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2012
COM(2012) 606 final

2010/0303 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

2010/0303 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2010)611 final – 2010/303 COD): | 28 Deireadh Fómhair 2010 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 16 Feabhra 2011 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 15 Nollaig 2011 |
| An dáta a seoladh an togra leasaithe: | Neamhbhainteach |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 4 Deireadh Fómhair 2012 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm leis an togra Rialachán (CE) 1406/2002 a leasú trí na cúraimí agus an ról atá ag EMSA (an tÚdarás Eorpach Urrús) cheana a shoiléiriú agus trína chúraimí a shíneadh d'fhonn réimsí nua a chumhdach atá á bhforbairt ar an leibhéal idirnáisiúnta agus/nó ar leibhéal an AE. Rinneadh modhnú ar Rialachán 1406/2002 trí huaire ó bhí 2002 ann, go príomha i ngeall ar an bhforbairt a tháinig ar reachtaíocht iompair mhuirí an AE.

Moltar i dtogra an Choimisiúin cuspóirí agus cúraimí reatha EMSA a choimeád. Mar sin féin, is gá iad a shoiléiriú a thuilleadh agus an cúnamh a thugann EMSA don Choimisiún, do na Ballstáit agus do pháirtithe eile a shainiú ar shlí níos beaichte. Tá roinnt de na cúraimí nua sin do EMSA ag eascairt as cur chun feidhme an tríú pacáiste um shábháilteacht mhuirí, 2009, lena gcumhdaítear Rialú Stáit ar Chalafoirt, cumainn aicmiúcháin, faireachán ar thrácht soithí, imscrúdú tionóiscí, slánaíocht paisinéirí, ceanglais Bratstát agus dliteanas úinéirí loinge.

I réimse an taighde, ba cheart do EMSA páirt níos lárnaí a ghlacadh i dtaighde muirí an AE agus – trí anailís a dhéanamh ar thionscadail taighde – na bearta leantacha a d'fhéadfaí a ghlacadh ó thaobh rialúcháin de a aithint.

Tá sé d'aidhm ag an togra freisin soiléiriú a dhéanamh ar an gcúnamh teicniúil a thugann EMSA don Choimisiún agus do na Ballstáit in eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta agus réigiúnacha. Ina theannta sin, is féidir le cuid de na seirbhísí oibríochtúla ardluacha a sholáthraíonn EMSA (SafeSeaNet, CleanSeaNet, LRIT, Rialú Stáit ar Chalafoirt etc.) cur go mór le beartais eile de chuid an AE, mar shampla an cur chuige comhtháite maidir le faireachas muirí faoi bheartas muirí comhtháite an AE. Anuas air sin, ba cheart go mbeadh EMSA in ann cúnamh a thabhairt measúnú agus anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag brúnna a bhaineann le loingseoireacht, amhail uisce ballasta, bruscar muirí agus torann fo-uisce, ar an timpeallacht mhuirí. San athbhreithniú seo, soiléirítear freisin gur féidir cumas freagartha EMSA a úsáid i gcás truailliú mara as foinsí eile seachas soithí, go háirithe ardáin ola. Chomh maith leis sin féachtar leis sa togra seo é a dhéanamh níos éasca comhar teicniúil le tíortha comharsanachta a mhéadú. Déantar foráil san athbhreithniú seo maidir le hacmhainní breise teoranta a thabhairt do EMSA, rud atá i gcomhréir leis an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra.

## 3. BARÚLACHA FAOIN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Léiríonn an seasamh ón gComhairle an comhaontú polaitiúil ar thángthas air idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 12 Aibreán 2012. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin. Tá ceithre ráiteas déanta ag an gCoimisiún ar mhaithe le soiléireacht a dhéanamh. Tá na ceithre ráiteas sin ag gabháil leis an iarscríbhinn.

Tá dealú déanta ag an gComhairle idir croíchúraimí agus cúraimí coimhdeacha. Tá cuspóirí uile an Choimisiúin i ndáil le cúraimí EMSA léirithe go leordhóthanach sa téacs deiridh, agus i roinnt cásanna déantar foráil maidir le cosantaí nó teorainneacha breise. Tugann sin sainordú soiléir do EMSA don todhchaí. Cé go bhfuiltear fós ag díriú ar an tsábháilteacht mhuirí, is féidir le EMSA cur le beartais eile de chuid an AE lena shaineolas agus lena uirlisí ar mhaithe le breisluach an AE a chruthú ar an mbealach is éifeachtúla is féidir. Is cosúil gur féidir an sainordú nua a chur chun feidhme leis an hacmhainní atá leagtha amach sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann le togra tosaigh an Choimisiúin. Glacann an Coimisiún leis an athbhreithniú ar mhodheolaíocht chuairteanna EMSA ar na Ballstáit mar cuirtear san áireamh inti mar is ceart cuspóirí an Choimisiúin.

## 4. RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN

Tá ceithre ráiteas déanta ag an gCoimisiún agus is féidir iad a fháil san iarscríbhinn.

## 5. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus dá bhrí sin is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh .

**IARSCRÍBHINN**
**Ráitis ón gCoimisiún**

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE CIGIREACHTAÍ SLÁNDÁLA MUIRÍ

Maidir leis an gcúnamh teicniúil atá á sholáthar ag an nGníomhaireacht don Choimisiún cúraimí a bhaineann le cigireachtaí slándála muirí a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b), dearbhaíonn an Coimisiún nach bhfuil éifeacht ag an soláthar sin ar chineál na gcigireachtaí slándála muirí dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 324/2008 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2008 lena leagtar síos nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le cigireachtaí a dhéanann an Coimisiún i réimse na slándála muirí.

Go háirithe, ní shíneann an fhoráil sin cumhachtaí an Choimisiúin cigireachtaí a dhéanamh ná ní thugann sí aon chumhacht do EMSA cigireachtaí slándála muirí a dhéanamh leis féin.

## 2. RÁITEAS MAIDIR LE hINNIÚLACHT AN AONTAIS

Maidir leis an gcúnamh teicniúil a thugtar do na Ballstáit agus don Choimisiún chun rannchuidiú le hobair ábhartha chomhlachtaí teicniúla na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (EMI), is é an chiall atá ag an gCoimisiún do choincheap na hinniúlachta an chiall atá leis sa chonradh, rud a chuimsíonn coincheap leas an Aontais sa dóigh a n-úsáidtear faoi láthair é i gcleachtas comhordúcháin an AE maidir leis an EMI.

## 3. RÁITEAS MAIDIR LEIS AN TREOIR RÉIME UM STRAITÉIS MHUIRÍ AGUS ASTAÍOCHTAÍ GÁIS CHEAPTHA TEASA Ó LONGA

Maidir leis na cúraimí coimhdeacha atá liostaithe in Airteagal 2(a), meabhraíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. Tá sé de chuspóir ag an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí féachaint leis go mbeidh dea-bhail comhshaoil ar uiscí mara. Baineann roinnt brúnna agus tionchar atá liostaithe i dTábla 2 d'Iarscríbhinn III le loingseoireacht. Measann an Coimisiún, a chaithfidh inter alia dul chun cinn a thomhas i gcur chun feidhme na réimsí éagsúla atá cumhdaithe ag an Treoir, go bhfuil sé úsáideach cúnamh teicniúil a fháil ón nGníomhaireacht le haghaidh na n-eilimintí a bhaineann le loingseoireacht, go háirithe trí thorthaí na n-uirlisí atá ann cheana, amhail SafeSeaNet agus CleanSeaNet, a shaothrú;

2. Maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa ó longa, measann an Coimisiún nár cheart an cúnamh teicniúil a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a thabhairt a bheith teoranta do ríomh astaíochtaí, toisc go bhféadfaí a mheas gurbh ionann sin agus an AE bheith fabhrach i leith uirlise áirithe atá margadhbhunaithe. Thairis sin, measann an Coimisiún nach mbeidh tionchar ag aon chúnamh teicniúil a sholáthróidh EMSA ar sheasamh an AE i ndáil le haon chor ar leith domhanda nó réigiúnach.

## 4. RÁITEAS MAIDIR LE CUMAINN AICMIÚCHÁIN DO SHOITHÍ UISCEBHEALAÍ INTÍRE

Tá an Coimisiún faoin tuairim go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún, rud dá bhforáiltear in Airteagal 2a (2) (f), ar bhonn an tsaineolais atá ag EMSA cheana agus nach bhfuil gá, dá bhrí sin, le hacmhainní breise chun na cigireachtaí a dhéanamh.